Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2017 (OR. fr)**

**8715/17**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2015/0268 (COD)**

**CODEC 703**
**EF 88**
**ECOFIN 324**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 30 Samhain 2015, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 16 Márta 2016[2]. Thug an Banc Ceannais Eorpach uaidh a thuairim an 17 Márta 2016[3]. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 5 Aibreán 2017. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

[1] 14890/15.
[2] IO C 177, 18.5.2016, lch 9.
[3] IO C 195, 2.6.2016, lch 1.
[4] 7976/17.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 63/16 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é.